

## Cúnamh Éireann, Sprioc Dhomhanda 4 agus Mósaimbíc

Tá Cúnamh Éireann, an clár comhair thar lear atá ag Rialtas na hÉireann, ag obair leis an rialtas agus le comhpháirtithe eile i Mósaimbíc ón mbliain 1996.

Is tír in Oirdheisceart na hAfraice í Mósaimbíc ina bhfuil daonra 31.26 milliún. Daonra an-óg atá sa tír: tá beagnach naonúr as gach deichniúr, nó 90% de na daoine, faoi bhun 14 bliana d'aois.



 **Irish Aid**  
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála  
Department of Foreign Affairs and Trade

**Féach ar Google Earth nó i d'atlas féachaint an bhfuil tú in ann Mósaimbíc a aimsiú.**

**CUIRIMIS EOLAS AR BHUNSCOIL AMHÁIN I MÓSAIMBÍC A BHFUIL NASC IDIR Í AGUS CÚNAMH ÉIREANN.**

### Bunscoil Guava, Mósaimbíc



**Daltaí agus múinteoirí ag fáiltiú roimh William Carlos, Ambasadóir na hÉireann chuig Mósaimbíc agus chuig an mBotsuáin, agus é ag tabhairt cuairt ar Bhunscoil Guava**

Bunscoil mhór uirbeach díreach taobh amuigh de Mhapútó, phríomhchathair Mhósaimbíc, is ea Bunscoil Guava, nó Escola Primaria Completa De Guava Marracuene sa Phortaingéilis.

Is scoil an-mhór í Bunscoil Guava ina bhfuil 5,400 dalta agus díreach 73 múinteoir. Mar a dhéanann daltaí in Éirinn, siúlann daltaí Bhunscoil Guava ar scoil. Déanann siad staidéar ar Mhata agus Stair agus Ealaín. Mar gheall ar an líon mór daltaí atá sa scoil, ní mór dóibh an lá scoile a roinnt. Bíonn ceachtanna ag daltaí an chéad tseisiúin idir 6.30 agus 10.50 ar maidin. Tosaíonn na daltaí atá sa dara seisiún ar scoil ag 12 meánlae agus críochnaíonn siad ag 4.30 p.m.

Fiú agus an lá scoile roinnte ar an gcaoi sin, ní leor líon na seomraí atá sa scoil do na daltaí go léir, agus tá a bhformhór ró-bheag do ranganna ina mbíonn suas le 70 nó 80 páiste. Tá roinnt seomraí ranga ann nach bhfuil deasca, doirse ná fuinneoga iontu.

Is minic a mbítear ag múineadh amuigh faoi spéir, faoi scáth foirgnimh nó faoi chrann. Tá roinnt leabhair scoile ag na páistí, ach ní bhíonn mórán áiseanna teagaisc ag na múinteoirí (is iondúil nach mbíonn acu ach clár dubh agus cailc). Ó 2015 i leith, tá múinteoirí sa scoil ag glacadh páirt in oiliúint a mhaoiníonn Cúnamh Éireann chun cabhrú leo gléasanna iPad grianchumhachtaithe a úsáid chun a gceachtanna a mhúineadh.



**Rang amuigh faoin spéir, faoi scáth foirgnimh**